



I gcás neamhréitigh idir na leaganacha teanga éagsúla, beidh forlámhas ag an leagan Béarla.



An Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (CERV)

Glaobair thograí

Nascadh Bailte
(CERV-2025-CITIZENS-TOWN-TT)

Leagan 2.0
19 Feabhra 2025



STAIR NA N-ATHRUITHE			
Leagan	Dáta Foilsithe	Athrú	Leathanach
1.0	4 Nollaig 2024	▪ An chéad leagan.	
2.0	7 Feabhra 2025	▪ Leagan deiridh	
		▪	
		▪	



AN GHNÍOMHAIREACHT FEIDHMIÚCHÁIN EORPACH UM OIDEACHAS AGUS CULTÚR (EACEA)

EACEA.B – Cruthaitheacht, Saoránacht, Luachanna AE agus Oibríochtaí Comhpháirteacha
EACEA.B.3 – Saoránaigh agus Luachanna AE

GLAO AR THOGRAÍ

CLÁR NA N-ÁBHAR

0. Réamhrá.....	5
1. Cúlra	6
2. Cuspóirí – Téamaí agus tosaíochtaí – Gníomhaíochtaí is féidir a mhaoiniú – An tionchar a bhfuiltear ag súil leis.....	7
Cuspóirí.....	7
Téamaí agus tosaíochtaí (raon feidhme)	7
Gníomhaíochtaí is féidir a mhaoiniú (raon feidhme).....	9
An tionchar ionchasach.....	10
3. An buiséad atá ar fáil	10
4. Tráthchlár agus spriocdhátaí	10
5. Inghlacthacht agus doiciméid	11
6. Incháilitheacht.....	12
Rannpháirtithe incháilithe (tíortha incháilithe)	12
Comhdhéanamh an chuibhreannais.....	14
Gníomhaíochtaí incháilithe	14
Suíomh geografach (spriocdhátaí)	15
Fad ama	15
Buiséad an tionscadail (méid uasta an deontais).....	15
Eitic agus luachanna an Aontais Eorpaigh	15
7. Acmhainn airgeadais agus oibríochtúil agus eisiamh	16
Acmhainn airgeadais	16
Acmhainn oibríochtúil	17
Eisiamh	17
8. Nós imeachta meastóireachta agus dámhachtana	19
9. Critéir dhámhachtana	19
10. Leagan amach dlíthiúil agus airgeadais na gComhaontuithe Deontais.....	20
Dáta tosaigh agus fad an tionscadail	21
Garspriocanna agus táirgí insoláthartha	21
An cineál deontais, an ráta maoinithe agus méid uasta an deontais	22

Catagóirí buiséid agus rialacha maidir le hincháilitheacht costas	22
Socruithe tuairiscithe agus íocaíochta	22
Ráthaíochtaí réamh-mhaoinithe	23
Deimhnithe	23
Córas dliteanais i gcomhair aisghabhálacha	23
Forálacha maidir le cur chun feidhme an tionscadail	24
Sainiúlachtaí eile	24
Neamhchomhlíonadh agus sárú conartha	24
11. Conas iarratas a chur isteach	24
12. Cabhair	26
13. Tábhachtach	27

0. Réamhrá

Is glaó ar thograí é seo ar **dheontais le haghaidh gníomhaíochta** de chuid an Aontais i réimse rannpháirtíocht na Saoránach agus rannpháirtíocht faoin **gClár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (CERV)**. Leagtar amach an creat rialála don Chlár seo um Maoiniú ón Aontas in:

- Rialachán 2024/2509 ([Rialachán Airgeadais AE](#))¹
- an bunghníomh (Rialachán CERV [2021/692](#))².

Tá an glaó á sheoladh i gcomhréir le Clár Oibre 2023-2025³ agus is í an **Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA)** ('an Ghníomhaireacht') a dhéanfaidh é a bhainistiú.

Clúdaítear sa ghlaó **an t-ábhar** seo a leanas:

- **CERV-2025-SAORÁNAIGH-BAILE-TT – Nascadh Bailte**

Ní mór go ndíreodh gach iarratas tionscadail faoin nglao ar cheann amháin de na topaicí sin. Ní mór d'iarratasóirí ar mian leo iarratas a dhéanamh le haghaidh níos mó ná topaic amháin, togra ar leith a sholáthar do gach topaic.

Iarraimid ort **doiciméid an ghlaó** a léamh go cruinn, agus go háirithe Doiciméad an Ghlaó seo, an tSamhail-Chomhaontú Deontais, [Lámhleabhar Ar Líne Thairseach Maoinithe & Tairiscintí AE](#) agus [AGA Deontas AE – Comhaontú Deontais Anótáilte](#).

Tá soiléiriú agus freagraí le fáil sna doiciméid seo ar cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith agat le linn duit d'iarratas a ullmhú:

- leagtar amach i nDoiciméad an Ghlaó:
 - cúlra, cuspóirí, raon feidhme, gníomhaíochtaí is féidir a mhaoiniú agus na torthaí ionchais (codanna 1 agus 2)
 - an tráthchlár agus an buiséad atá ar fáil (codanna 3 agus 4)
 - inghlacthacht agus coinníollacha incháilitheachta (lena n-áirítear doiciméid éigeantacha; codanna 5 agus 6)
 - critéir maidir le hacmhainn airgeadais agus oibríochtúil agus eisiamh (cuid 7)
 - an nós imeachta meastóireachta agus dámhachtana (cuid 8)
 - critéir dhámhachtana (cuid 9)
 - leagan amach dlíthiúil agus airgeadais na gComhaontuithe Deontais (cuid 10)
 - conas iarratas a chur isteach (cuid 11)
- déantar cur síos sa Lámhleabhar Ar Líne ar:

¹ Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú), IO L, 2024/2509, 26.9.2024.

² Rialachán (AE) 2021/692 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (IO L 156, 5.5.2021, lch. 1).

³ Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún maidir le maoiniú Chlár CERV agus glacadh an chláir oibre le haghaidh 2023-2025, lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2022) 8588 final ón gCoimisiún

- nósanna imeachta chun tograí a chlárú agus a chur isteach ar líne trí Thairseach Maoinithe & Tairiscintí AE ('an Tairseach')
- moltaí maidir leis an iarratas a ullmhú
- cuimsítear in AGA – An Comhaontú Deontais Anótáilte:
 - nótaí mínithe mionsonraithe maidir leis na forálacha ar fad sa Chomhaontú Deontais a bheidh le síniú agat chun an deontas a fháil (*lena n-áirítear incháilitheacht costais, sceideal íocaíochta, oibleagáidí tánaisteacha, etc.*).

Moltar duit freisin féachaint ar [shuíomh gréasáin Thorthaí Thionscadal an Chláir um an Eoraip do Shaoránaigh](#), [leathanach gréasáin thorthaí an Chláir REC](#) agus [Foireann Uirlisí Daphne](#) chun féachaint ar liosta na dtionscadal a fuair maoiniú roimhe seo.

1. Cúlra

Cuireann an clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (dá ngairtear 'an clár' anseo feasta) maoiniú ar fáil do rannpháirtíocht na saoránach, do chomhionannas do chách, agus do chur chun feidhme ceart agus luachanna AE. Tugtar le chéile sa chlár seo an Clár um Chearta, Comhionannas agus Saoránacht agus an Clár um an Eoraip ar son na Saoránach a bhí ann roimhe seo⁴.

Leis an gclár, cuirtear chun cinn malartuithe idir daoine ó thíortha, ó chultúir, d'inscne agus ó chúlaí socheacnamaíocha éagsúla, treisíonn sé comhthuiscint agus caoinfhulaingt, agus tugann sé deis dóibh a ndearcadh a leathnú agus muintearas agus féiniúlacht Eorpach a fhorbairt trí thionscadail 'Nascadh Baile agus Líonraí Bailte'.

Go háirithe, tá sé mar aidhm ag an tionscadal Nascadh Bailte malartuithe idir daoine ó thíortha éagsúla a chur chun cinn chun comhthuiscint agus caoinfhulaingt a threisiú agus deis a thabhairt dóibh a ndearcadh a leathnú agus mothú muintearais agus féiniúlachta na hEorpa a fhorbairt. Agus cur chuige ón mbun aníos á choinneáil, cuireann an Glao um Nascadh Bailte deis ar fáil chun díriú ar thosaíochtaí an Aontais a chumhdaítear le snáitheanna eile den chlár. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, feabhas a chur ar eolas áitiúil maidir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear cearta leanaí, na cearta a eascraíonn as saoránacht an Aontais, nó eolas a fhorbairt agus dea-chleachtais a chomhroinnt maidir le tairbhí na héagsúlachta agus an chomhionannais inscne, agus rannpháirtíocht na saoránach a spreagadh, lena n-áirítear leanaí, sa saol daonlathach. Ar deireadh, le [gradam Phríomhchathracha Cuimsithe agus Éagsúlachta na hEorpa](#)⁵, tabharfar aitheantas don ról atá ag cathracha agus ag údaráis áitiúla maidir le héagsúlacht agus cuimsiú a chothú.

Tá sé ina aidhm leis an nGlao seo ar Thograí tacú leis na tionscnaimh bheartais seo a leanas: Plean gníomhaíochta um an daonlathas Eorpach, Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Frithchiníochas (2020-2025), creat straitéiseach an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach (2020-2030), éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn (Cairteacha Éagsúlachta), Straitéis chun cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha san Aontas a neartú, Tuarascáil ar Shaoránacht an Aontais 2020, an Straitéis maidir le Comhionannas Inscne, an Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ (2020-2025), an Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas (2021-2030), Straitéis an Aontais maidir le cearta an linbh, pacáiste

⁴ Rialachán (AE) Uimh. 1381/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear lena mbunaítear Clár um Chearta, um Chomhionannas agus um Shaoránacht don tréimhse 2014-2020 (IO L 354, 28.12.2013, Ich. 62). Rialachán (AE) Uimh. 390/2014 ón gComhairle an 14 Aibreán 2014 lena mbunaítear an Clár um an Eoraip ar son na Saoránach don tréimhse 2014-2020 (IO L 115, 17.4.2014, Ich. 3)

⁵ [Gradam Phríomhchathracha Cuimsithe agus Éagsúlachta na hEorpa \(europa.eu\)](#)

saoránachta an Aontais, Moladh maidir le toghcháin chuimsitheacha athléimneacha, mar chuid den 'Phacáiste maidir le Cosaint an Daonlathais'

2. Cuspóirí – Téamaí agus tosaíochtaí – Gníomhaíochtaí is féidir a mhaoiniú – An tionchar a bhfuiltear ag súil leis

Cuspóirí

Tá sé mar aidhm ag an nglao seo tacú le tionscadail a thugann le chéile raon leathan daoine ó bhailte nasctha, ó chúlraí socheacnamaíocha éagsúla, d'inscní éagsúla agus ó thíortha éagsúla. Trí dhaoine den phobal a shlógadh ar leibhéil áitiúla agus ar leibhéal an Aontais chun saincheistanna sonracha a phlé maidir le clár oibre polaitiúil na hEorpa, féachann an glao seo le comhthuisctint, cuimsiú agus éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn agus deiseanna a fhorbairt le haghaidh rannpháirtíocht chathartha ar leibhéal an Aontais.

Go sonrach:

- malairtí idir saoránaigh tíortha éagsúla a chur chun cinn;
- taithí phraiticiúil a thabhairt do na saoránaigh ar shaibhreas agus ar éagsúlacht chomhoidhreacht an Aontais agus iad a chur ar an eolas gur bunchloch iad sin le haghaidh todhchaí chomhchoiteann;
- caidreamh síochánta idir saoránaigh na hEorpa a ráthú agus a rannpháirtíocht ghníomhach ar an leibhéal áitiúil a áirithiú;
- comhthuisctint agus cairdeas idir saoránaigh na hEorpa a threisiú;
- comhoibriú idir bardais agus malartú dea-chleachtais a spreagadh;
- tacú le dea-rialachas áitiúil agus
- daingniú a dhéanamh ar ról na n-údarás áitiúil agus réigiúnach i bpróiseas lánpháirtíochta na hEorpa.

Táthar ag súil go ndéanfaidh tionscadail Nasctha Bailte machnamh ar insint nua don Eoraip, go mbeidh siad dírithe ar shaoránaigh, go gcuirfidh siad comhionannas chun cinn, go mbeidh siad saor ó fhoréigean, go mbeidh siad réamhbhreathnaitheach, cuiditheach agus níos tarraingtí do leanaí agus don ghlúin óg go háirithe. D'fhéadfaí tionscadail a bhunú ar thoradh comhairliúcháin le saoránaigh agus d'fhéadfaidís a bheith mar bhonn le díospóireachtaí faoi bhealaí praiticiúla chun Aontas níos daonlathaí a chruthú, chun a chur ar a gcumas do shaoránaigh nasc a bhunú leis an Aontas agus cur lena meon úinéireachta i leith an tionscadail Eorpaigh.

Téamaí agus tosaíochtaí (raon feidhme)

Cabhraíonn an clár CERV le hidirphlé idirchultúrtha a chur chun cinn trí dhaoine a bhfuil náisiúntachtaí difriúla agus teangacha difriúla acu a thabhairt le chéile agus deis a thabhairt dóibh páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí coiteanna. Sa chomhthéacs sin, ardóidh tionscadail um Nascadh Bailte feasacht ar shaibhreas thimpeallacht chultúrtha agus theangeolaíoch na hEorpa agus cuirfidh siad comhthuisctint agus meas chun cinn, rud a chuirfidh le forbairt féiniúlachta Eorpacha atá measúil, dinimiciúil agus ilghnéitheach agus leis an meas ar chomhluachanna, daonlathas agus cearta bunúsacha.

I bhfianaise an chuspóra fhoriomláin sin, féadfar aghaidh a thabhairt sna tionscadail ar na hábhair seo a leanas (níl an liosta uileghabhálach):

- Tá an tAontas Eorpach bunaithe ar dhlúthpháirtíocht: dlúthpháirtíocht idir saoránaigh, dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit, agus dlúthpháirtíocht trí ghníomhaíochtaí tacaíochta laistigh agus lasmuigh den Aontas. Is luach comhpháirteach í an dlúthpháirtíocht lena gcothaítear comhtháthú

agus lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin shochoaíocha. Ba cheart go gcuideodh tionscadail um Nascadh Bailte leis an gceann is fearr a fháil ar chlaonadh sna tuiscentí ar thíortha éagsúla trí chomhthuiscint a chothú agus trí fhórais a bhunú inar féidir réitigh chomhchoiteanna a phlé ar bhealach cuiditheach. Ba cheart gurb é an aidhm a bheadh acu feasacht a mhúscailt maidir leis an tábhacht a bhaineann le próiseas lánpháirtíochta na hEorpa a threisiú, próiseas atá bunaithe ar dhlúthpháirtíocht agus ar luachanna an Aontais;

- Ba cheart go dtabharfadh tionscadail um Nascadh Bailte an deis do shaoránaigh an cineál Eoraip atá uathu a chur in iúl. Ba cheart díospóireachtaí a fhaigheann tacaíocht faoin nglao ar Nascadh Bailte a bheith bunaithe ar éachtaí sonracha an Aontais agus ar na ceachtanna a foghlaimíodh ón stair agus ó lánpháirtiú na hEorpa. Ina theannta sin, ba cheart machnamh a bheith iontu ar threochtaí reatha agus ba cheart a chur ar a gcumas do rannpháirtithe dúshlán an Eoraisceipteachas a thabhairt agus gníomhartha féideartha a mholadh a d'fhéadfadh an tAontas a dhéanamh chun meon an mhuintearais a chothú san Eoraip, chun an tuisceant ar bhuntáistí an Aontais a mhéadú agus chun comhtháthú sóisialta agus polaitiúil an Aontais a threisiú.
- Féadfar a chumhdach le tionscadail rannpháirtíocht leathan agus chuimsitheach i bpróisis dhaonlathacha agus i gcinnteoireacht dhaonlathach a chur chun cinn, lena n-áirítear leanaí i gcúrsaí a bhaineann leo agus a gcearta a chur chun cinn.
- D'fhéadfadh sé go gcumhdódh tionscadail feasacht a chur chun cinn agus eolas a fhorbairt ar chearta saoránachta an Aontais, ar shaorghluaiseacht daoine agus ar luachanna coiteanna Eorpacha gaolmhara agus ar chomhchaighdeán dhaonlathacha, rud a d'fhágfadh go mbeidís ní b'ínláimhsithe do shaoránaigh an Aontais. Féadfar cur chun cinn na gceart bunúsach a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a chumhdach le tionscadail ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil nuair a chuireann údarais intíre dlí an Aontais i bhfeidhm, lena n-áirítear trí fheasacht a chur chun cinn agus dea-chleachtais a chomhroinnt, go háirithe maidir le hábhair a bhaineann leo agus a gcearta a chur chun cinn
- D'fhéadfadh baint a bheith ag tionscadail freisin le gníomhaíochtaí coisctheacha agus le múscailt feasaichta i mbailte agus in údarais áitiúla i réimse an fhoréigin teaghlaigh, chomh maith le haon chineál foréigin in aghaidh leanaí, lena n-áirítear (cibear)bhulaíocht agus ciapadh
- D'fhéadfadh tionscadail iniúchadh a dhéanamh freisin ar mhodhanna chun rannpháirtíocht dhaonlathach na saoránach a fheabhsú trí ghníomhaíochtaí cultúrtha, lena n-áirítear trí inspioráid a fháil ón tionscnamh Bauhaus Eorpach Nua nó a bheith bainteach leis. Moltar go háirithe tionscadail atá dírithe ar dhul chun tairbhe na rannpháirtithe díreacha agus, anuas air sin, chun tairbhe shaoránaigh na mbailte rannpháirteacha, ós rud é gur féidir leo sin cabhrú le cur leis an taithí phraiticiúil ar an saibhreas agus an éagsúlacht a bhaineann le hoidhreacht choiteann an Aontais. Ba cheart do thionscadail gníomhaíochtaí agus cuir chuige nuálacha a mholadh, díriú ar bhealach atá íogair ó thaobh inscne de ar na riachtanais agus na dúshláin atá

roimh spriocghrúpaí i mbardais nasctha

Gníomhaíochtaí is féidir a mhaoiniú (raon feidhme)

Féadfar na nithe seo a leanas, i measc nithe eile, a áireamh ar na gníomhaíochtaí a bhaineann le Nascadh Bailte:

- ceardlanna,
- seimineáir,
- comhdhála,
- gníomhaíochtaí oiliúna,
- cruinnithe saineolaithe,
- seimineáir ghréasáin,
- gníomhaíochtaí múscaillte feasachta,
- imeachtaí cultúrtha, féilte, taispeántais,
- sonraí (idir aois agus inscne-dhíchoimhiolánaithe) a bhailiú agus a cheadú,
- dea-chleachtais a fhorbairt, a mhalartú agus a scaipeadh i measc údarais phoiblí agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta,
- uirlisí cumarsáide a fhorbairt agus úsáid na meán sóisialta.

Ba cheart dearcadh an chomhionannais inscne a chur san áireamh agus gníomhaíochtaí na dtionscadal á ndearadh, lena chinntiú go mbeidh siad inrochtana do mhná agus d'fhir ar théarmaí comhionanna, agus go mbeidh mná agus fir araon ábalta páirt a ghlacadh iontu.

Táthar ag súil go gcuirfidh dearadh agus feidhmiú na dtionscadal comhionannas inscne agus príomhshruithú an neamh-idirdhealaithe chun cinn laistigh de raon feidhme na ngníomhaíochtaí. Mar shampla, ba cheart d'iarratasóirí anailís inscne a dhéanamh ar thopaí a dtugtar aghaidh orthu i ngníomhaíochtaí tionscadail agus ba cheart dóibh an anailís sin a chur san áireamh ina dtogra. Is féidir leis sin cabhrú le taithí agus riachtanais mhuintir na hEorpa a bhfuil inscne éagsúil acu a chur i gcomhthéacs. Is féidir leis freisin mapáil a dhéanamh ar an tionchar éagsúil a d'fhéadfadh a bheith ag an tionscadal agus ag a ngníomhaíochtaí ar mhná agus ar fhir agus ar chailíní agus ar bhuachaillí, ina n-éagsúlacht ar fad. Chuige sin, moltar d'iarratasóirí féachaint ar na príomhcheisteanna atá liostaithe ar [shuíomh gréasáin EIGE](#) agus a n-anailís inscne á déanamh acu. D'fhéadfadh an anailís sin cabhrú le seachaint aon éifeachtaí diúltacha neamhbheartaithe a bhaineann leis an idirghabháil ar cheachtar inscne (cur chuige 'gan dochar a dhéanamh')¹¹.

Táthar ag súil go ndéanfaidh iarratasóirí a ngníomhaíochtaí cumarsáide agus scaipthe a cheapadh agus a chur chun feidhme ar bhealach atá íogair ó thaobh inscne de. Áirítear leis sin, go háirithe, úsáid teanga atá íogair ó thaobh inscne de. Is amhlaidh an cás maidir le gníomhaíochtaí faireacháin agus meastóireachta a cheapadh agus a chur chun feidhme. Breithneofar go mbaineann cáilíocht níos airde le tograí ina gcomhtháthítear gné na hinscne ar fud a ngníomhaíochtaí go léir.

Má tá an tionscadal ar scála an-bheag agus é teoranta do chineál amháin gníomhaíochta, mar shampla imeachtaí cultúrtha, d'fhéadfaí an machnamh ar ghné na hinscne a choigeartú de réir raon feidhme do thionscadail.

Ba cheart go gcinnteodh tionscadail a bhfuil leanaí páirteach iontu go n-urramaítear cearta leanaí, lena n-áirítear a gcearta chun éisteacht a fháil agus chun páirt a ghlacadh⁶. Áiritheofar leis na gníomhaíochtaí tionscadail sin go mbeidh na gníomhaíochtaí leordhóthanach d'aois agus do riachtanais inscne-shonracha leanaí. Mar dhea-chleachtas, d'fhéadfadh eagraíochtaí a oibríonn le leanaí cheana féin dul i

⁶Airteagal 24 – Cearta an linbh? Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh – Barúil Ghinearálta 2009

gcomhairle leo maidir leis an togra tionscadail agus machnamh/tagairtí don phróiseas sin a chur san áireamh sna hiarratais. Is féidir guthanna leanaí a thabhairt isteach freisin, bunaithe ar rannpháirtíocht dhíreach agus ar chomhairliúcháin dhíreacha, ar thuarascálacha agus ar dhoiciméid atá ar fáil ina ndéantar taifeadadh ar thuairimí agus ar riachtanais leanaí.

An tionchar ionchasach

- Comhthuiscint agus cairdeas idir saoránaigh ar an leibhéal áitiúil a mhéadú agus a spreagadh
- Tacaíocht do shaoránaigh ó phobail áitiúla chun taithí a fháil ar an mbreisluach a chuireann an tAontas ar fáil trí chur chuige pobail agus chun an breisluach sin a aithint
- Braistint mhéadaithe muintearais leis an Aontas
- Rannpháirtíocht mhéadaithe na saoránach, leanaí san áireamh, sa saol daonlathach
- Nasc fadtéarmach a spreagadh idir bardais agus idir saoránaigh
- Comhar trasteorann méadaithe maidir le saincheistanna praiticiúla comhchosúla a bhaineann le rannpháirtíocht dhaonlathach idir bardais agus idir saoránaigh, a théann níos faide ná malartuithe cultúrtha
- Feasacht mhéadaithe ar ról na n-údarás náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil maidir le cearta bunúsacha a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear cearta leanaí.
- Feasacht mhéadaithe ar fhoréigean teaghlaigh éifeachtach agus ar fhoréigean in aghaidh leanaí⁷ beartais coisc agus tacaíochta ag leibhéal áitiúil
- Cuimsiú gníomhach grúpaí faoi mhíbhuntáiste agus pobal atá imeallaithe
- Rannpháirtíocht mhéadaithe na saoránach, lena n-áirítear leanaí, i ngníomhaíochtaí cuimsitheacha, fiúntacha agus aoisoiriúnacha agus teagmháil mhéadaithe na saoránach le hoidhreacht shaibhir chultúrtha na hEorpa

3. An buiséad atá ar fáil

Is é **EUR 5 000 000** an buiséad measta atá ar fáil don ghla.

Forchoimeádaimid an ceart gan na cistí go léir atá ar fáil a dhámhachtain nó, ag brath ar na tograí a fhaightear agus ar thorthaí na meastóireachta.

4. Tráthchlár agus spriocdhátáí

Tráthchlár agus spriocdhátáí (táscach)	
Oscailt an ghla:	9 Aibreán 2025
Spriocdhátá don iarratas:	<u>17 Meán Fómhair 2025 – 17:00:00 Am Lár na hEorpa (An Bhruiséil)</u>
Measúnú:	Meán Fómhair 2025 go Feabhra 2026

⁷ I bhfianaise [Moladh ón gCoimisiún maidir le córais chomhtháite chosanta leanaí a fhorbairt agus a neartú ar mhaithe le leas an linbh](#), féach: [Leanaí a chosaint ar fhoréigean](#).

Faisnéis faoi thorthaí meastóireachta:	Mí an Mhárta 2026
Síniú GA:	Meitheamh 2026

5. Inghlacthacht agus doiciméid

Ní mór tograí a chur isteach roimh **spriocdháta an ghla** (*féach an tráthchlár i gcuid 4*).

Ní mór tograí a chur isteach **go leictreonach** trí Chóras Leictreonach Aighneachta na Tairsí Maoinithe & Tairiscintí (ar fáil ar an leathanach faoi [Cuardaigh Maoiniú & Tairiscintí](#) sa rannán [Glaonna ar thograí](#)). Ní féidir aighneachtaí páipéir a dhéanamh.

Ní mór tograí (lena n-áirítear iarscríbhinní agus doiciméid tacaíochta) a chur isteach trí úsáid a bhaint as na foirmeacha a sholáthraítear *laistigh* den Chóras Aighneachta (⚠️ NÍ na doiciméid atá ar fáil ar an leathanach Topaice – is le haghaidh faisnéise amháin iad sin).

Ní mór go mbeadh tograí **iomlán** agus go mbeadh an fhaisnéis go léir a iarradh iontu mar aon leis an hiarscríbhinní agus na doiciméid tacaíochta riachtanacha ar fad:

- Foirm Iarratais, cuid A – faisnéis riaracháin faoi na rannpháirtithe (an comhordaitheoir, na tairbhíthe agus na heintitis chleamhnaithe a bheartaítear) agus buiséad achoimrithe an tionscadail (*le líonadh isteach go díreach ar líne*)
- Foirm Iarratais, cuid B – cur síos teicniúil ar an tionscadal (*ní mór í a íoslódáil ón gCóras Tairsí um Chur Isteach, a chomhlánú agus a chur le chéile agus a ath-uaslódáil*)
- Tá sonraí tionscadail breise le fáil san **Uirlis KPI** maidir le rannchuidiú an tionscadail le heochairtháscairí feidhmíochta chlár an Aontais (le líonadh isteach go díreach ar líne, caithfear gach mír a chomhlánú)
- **iarscríbhinní éigeantacha agus doiciméid tacaíochta** (tá na teimpléid atá ar fáil le híoslódáil ó Chóras Taiscthe na Tairsí, le comhlánú agus le cur le chéile agus le hath-uaslódáil):
 - áireamhán cnapshuime (ní mór an teimpléad a íoslódáil ón gCóras Tairsí um Chur Isteach, é a chomhlánú agus a chur le chéile agus a ath-uaslódáil)
 - liosta na dtionscadal a bhí ann roimhe seo (príomhthionscadail le 4 bliana anuas) (*tá teimpléad ar fáil i gcuid B*). Neamhbhainteach maidir le heagraíochtaí nuabhunaithe.
 - litir thacaíochta arna síniú ag an mBardas (infheidhme maidir le hiarratasóirí agus le comhpháirtithe faoin gcatagóir 'Eagraíocht neamhbhrabúis a dhéanann ionadaíocht d'údarás áitiúil'). Ní mór an doiciméad a chur ar fáil le linn chéim GAP ar a dhéanaí.
- i gcás na rannpháirtithe go léir a chuireann gníomhaíochtaí chun feidhme a bhaineann le leanaí (faoi bhun 18 mbliana d'aois) beartas um chosaint leanaí lena gcumhdaítear na ceithre réimse a ndéantar cur síos orthu sna [Caighdeáin um Chosaint Leanaí maidir le Leanaí a Choinneáil Sábháilte](#) (do chomhlachtaí

príobháideacha: cóip dá mbeartas; do chomhlachtaí poiblí: dearbhú beartais um chosaint leanaí.

Nuair a chuirfear an togra isteach, beidh ort a dheimhniú go bhfuil an **sainordú agat gníomhú** thar ceann gach iarratasóra. Ina theannta sin, beidh ort a dheimhniú go bhfuil an fhaisnéis san fhoirm iarratais ceart agus iomlán agus go gcomhlíonann na rannpháirtithe na coinníollacha chun maoiniú a fháil ó AE (go háirithe incháilitheacht, acmhainn airgeadais agus oibríochtúil, eisiámh, etc.). Sula síneofar an deontas, beidh ar gach tairbhí agus eintiteas cleamhnaithe é seo a dheimhniú arís trí dhearbú onóra (DoH) a shíniú. Diúltófar do thograí nach bhfuil doiciméid thacaíocht iomlána ag gabháil leo.

Ní mór go mbeadh d'iarratas **inléite, inrochtana agus inphriontáilte**.

Tá na tograí teoranta do **40 leathanach** ar a mhéad (cuid B). Ní bhreithneoidh meastóirí aon leathanaigh bhreise.

B'fhéidir go n-iarrfar ort ag céim níos déanaí tuilleadh doiciméad a chur ar fáil (*maidir le bailíochtú eintitis dhlítheanaigh, seiceáil acmhainne airgeadais, bailíochtú cuntais bainc, etc.*).

- ❗ Tá tuilleadh faisnéise faoin bpróiseas um chur isteach (lena n-áirítear gnéithe TF), le fáil sa [Lámhleabhar ar Líne](#).

6. Incháilitheacht

Ní mheasfar iarratais a bheith incháilithe ach amháin má tá a n-inneachar ag teacht go hiomlán (nó go páirteach ar a laghad) leis an gcur síos ar an topaic ar cuireadh isteach iad ina leith.

Rannpháirtithe incháilithe (tíortha incháilithe)

Chun bheith incháilithe, ní mór do na hiarratasóirí (na tairbhíthe):

- a bheith ina n-eintitis dhlítheanacha (comhlachtaí poiblí nó príobháideacha)
- a bheith bunaithe i gceann de na tíortha incháilithe, i.e.:
 - Ballstáit an Aontais Eorpaigh (tíortha agus críocha thar lear san áireamh)
 - tíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad:
- tíortha atá comhlachaithe le Clár CERV nó tíortha atá i mbun caibidlíochta leanúnaí maidir le comhaontú comhlachais agus ina dtagann an comhaontú i bhfeidhm sula síneofar an deontas ([liosta de na tíortha rannpháirteacha](#))⁸.

coinníollacha incháilitheachta eile:

- Ní mór gur comhlacht poiblí nó eagraíocht neamhbhrabúis le pearsantacht dhlítheanach, atá bunaithe go foirmiúil i gceann de na tíortha incháilithe, é an príomhiarratasóir agus a chomhpháirtí nó a chomhpháirtithe comhlachaithe.
- Ní mór gur bailte/bardais iad agus/nó leibhéil eile údarás áitiúil nó a gcoistí um nascadh, nó eagraíochtaí neamhbhrabúis eile a dhéanann ionadaíocht d'údarais áitiúla.
- Ní mór gur tionscadal trasnáisiúnta atá i gceist agus ní mór bardais ó dhá thír incháilithe, ar a laghad, a bheith páirteach ann, ar Ballstát den Aontas Eorpach í tír amháin acu ar a laghad.
- Ní mór na gníomhaíochtaí a dhéanamh i gceann ar bith de na tíortha incháilithe

⁸ Seiceáil an liosta go rialta, le do thoil, chun an stádas is déanaí a fháil ar thíortha atá i mbun an phróisis chomhlachais.

atá rannpháirteach sa tionscadal.

- Ní mór 50 rannpháirtí díreach ar a laghad a bheith páirteach sna himeachtaí, agus gur 'rannpháirtithe idirnáisiúnta ar tugadh cuireadh dóibh' iad 25 rannpháirtí ar a laghad⁹

Ní mór do thairbhíthe agus d'eintitis chleamhnaithe clárú sa [Chlár Rannpháirtithe](#) – sula gcuirtear an togra isteach – agus caithfidh an tSeirbhís Lárnach Bailíochta (Bailíochtú REA) iad a bhailíochtú. Maidir leis an mbailíochtú, iarrfar orthu doiciméid ina léirítear a stádas agus tionscnamh dlíthiúil a uaslódáil.

Féadfaidh eintitis eile a bheith rannpháirteach i ról chuibhreannais eile, amhail comhpháirtithe comhlachaithe, fochonraitheoirí, tríú páirtithe a thugann ranníocaíochtaí comhchineáil, etc. (*féach cuid 13*).

Cásanna sonracha

Daoine nádúrtha – NÍL daoine nádúrtha incháilithe (seachas daoine féinfhostaithe, i.e. trádálaithe aonair, sa chás nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach ag an gcuideachta ar leithligh ó phearsantacht dhlítheanach an duine nádúrtha).

Eagraíochtaí idirnáisiúnta – Tá eagraíochtaí idirnáisiúnta incháilithe. Níl feidhm ag rialacha maidir le tíortha incháilithe i ndáil leo.

Eintitis gan phearsantacht dhlítheanach – Eintitis nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu faoina ndlí náisiúnta, féadfaidh siad páirt a ghlacadh ar bhonn eisceachtúil, ar choinníoll go mbeidh an acmhainn ag a n-ionadaithe oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh ar a son, agus go dtabharfaidh siad ráthaíochtaí go ndéanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, ar ráthaíochtaí iad atá coibhéiseach leo siúd arna dtabhairt ag daoine dlítheanacha¹⁰.

Comhlachtaí an Aontais Eorpaigh – Ní féidir le comhlachtaí an Aontais Eorpaigh (seachas Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh) a bheith páirteach sa chuibhreannas.

Pointí Teagmhála an Chláir – Atá incháilithe mar chomhordaitheoir nó mar thairbhí i nglanna oscailte, má tá nósanna imeachta acu chun bainistiú an tionscadail agus na feidhmeanna soláthair faisnéise a leithscaradh agus má tá siad in ann deighilt ó thaobh costais a léiriú (i.e. ní chumhdaíonn a ndéontais tionscadail aon chostais a chumhdaítear leis an deontas eile atá á fháil acu). Chuige sin, teastaíonn an méid seo a leanas:

- cuntasáíocht anailíseach a úsáid lena gceadaítear bainistíocht cuntasáíochta costála ina bhfuil eochracha leithdháilte costas agus cóid chuntasáíochta costála AGUS ina bhfuil na heochracha agus na cóid sin á gcur i bhfeidhm chun na costais a shainaithint agus a dheighilt (i.e. iad a leithdháileadh ar cheann amháin den dá dheontas)
- taifeadadh na gcostas iarbhír uile a tabhaíodh le haghaidh na ngníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an dá dheontas (na costais indíreacha san áireamh)
- leithdháileadh na gcostas ar bhealach a áirithíonn toradh cothrom, oibiachtúil agus réalaíoch.

⁹ Is ionann 'rannpháirtithe idirnáisiúnta ar tugadh cuireadh dóibh' agus rannpháirtithe ó chomhpháirtithe comhlachaithe atá ag taisteal ó thír chuig tír eile atá ag óstáil imeacht um Nascadh Bailte.

¹⁰ Féach Airteagal 200(2)(c) de Rialachán Airgeadais an Aontais Eorpaigh [2024/2509](#).

Comhlachais agus grúpálacha sainleasa – Féadfaidh eintitis atá comhdhéanta de chomhaltaí a bheith rannpháirteach mar ‘tairbhithe aonair’ nó ‘tairbhithe gan pearsantacht dhlítheanach’¹¹. ⚠️ Más iad na comhaltaí a chuirfidh chun feidhme an ghníomhaíocht, ba cheart dóibh páirt a ghlacadh inti freisin (mar thairbhithe nó mar eintitis chleamhnaithe, nó NÍ bheidh a gcostais incháilithe).

Tíortha atá i mbun caibidlíochta faoi láthair maidir le comhaontuithe comhlachais – Féadfaidh tairbhithe ó thíortha a bhfuil caibidlíocht ar bun acu maidir le rannpháirtíocht sa chlár (*féach liosta na dtíortha rannpháirteacha thuas*) páirt a ghlacadh sa ghlaio agus is féidir leo deontais a shíniú má thugtar an chaibidlíocht chun críche sula síneofar an deontas agus má chlúdaíonn an comhlachas an glao (i.e. tá sé aisghníomhach agus clúdaítear leis an chuid den chlár agus an bhliain inar seoladh an glao).

Bearta sriantacha AE – Tá feidhm ag rialacha speisialta maidir le heintitis áirithe (e.g. eintitis atá faoi réir [bhearta sriantacha de chuid an Aontais](#) faoi Airteagal 29 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus faoi Airteagal 215 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE)¹²). Níl eintitis den sórt sin incháilithe chun bheith rannpháirteach in aon cháil, lena n-áirítear mar thairbhithe, eintitis chleamhnaithe, comhpháirtithe comhlachaithe, fochonraitheoirí nó faighteoirí tacaíochta airgeadais do thríú páirtithe (más ann dóibh).

Bearta coinníollachta an Aontais – Tá feidhm ag rialacha speisialta maidir le heintitis atá faoi réir bearta a glacadh ar bhonn Rialachán (AE) 2020/2092.¹³ Níl eintitis den sórt sin incháilithe chun páirt a ghlacadh in aon ról maoinithe (tairbhithe, eintitis chleamhnaithe, fochonraitheoirí, faighteoirí tacaíochta airgeadais do thríú páirtithe, etc.). Faoi láthair, tá bearta den sórt sin i bhfeidhm le haghaidh iontaobhais leasa phoiblí de chuid na hUngáire arna mbunú faoi Ghníomh IX na hUngáire de 2021 nó le haghaidh aon eintiteas a choinníonn siad ar bun (*féach [Cinneadh Cur Chun Feidhme \(AE\) 2022/2506 ón gComhairle](#), amhail ón 16 Nollaig 2022*).

 Má theastaíonn tuilleadh faisnéise uait, *féach na [Rialacha maidir le Bailíochtú Eintiteas Dlítheanach, Ceapachán LEAR agus Measúnú ar Acmhainn Airgeadais](#)*.

Comhdhéanamh an chuibhreannais

Ní cheadaítear ach iarratais ó iarratasóirí aonair (tairbhithe aonair).

Ní mór bardais ó dhá thír incháilithe, ar a laghad, ar Ballstát den Aontas Eorpach ceann amháin acu ar a laghad, a bheith páirteach i dtograí.

Gníomhaíochtaí incháilithe

Is iad na gníomhaíochtaí incháilithe na gníomhaíochtaí atá leagtha amach i gcuid 2 thuas agus curtha isteach ag bailte/bardais nó a gcoistí nó líonraí nasctha, leibhéil eile údarás áitiúil/réigiúnach; cónaidhmeanna/cumainn údarás áitiúil; eagraíochtaí neamhbhrabúis a dhéanann ionadaíocht ar údaráis áitiúla.

Ní mór go mbeadh ar a laghad 50 rannpháirtí díreach páirteach in imeachtaí um Nascadh Bailte, agus gur ‘rannpháirtithe ar tugadh cuireadh dóibh’ iad 25 rannpháirtí ar a laghad. Is ionann ‘rannpháirtithe idirnáisiúnta ar tugadh cuireadh dóibh’ agus

¹¹ Maidir leis na sainmhínithe, féach Airteagal 190(2) agus Airteagal 200(2)(c) de Rialachán Airgeadais an Aontais Eorpaigh [2024/2509](#).

¹² Tabhair do d’aire, le do thoil, go bhfuil an liosta oifigiúil le fáil in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus, i gcás díospóide, go bhfuil forlámhas ag an ábhar atá ann ar [Léarscáil Smachtbhannaí an Aontais Eorpaigh](#).

¹³ Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 325, 20.12.2022, lch. 94).

toscaireachtaí ó chomhpháirtithe comhlachaithe atá ag taisteal ó thír chuig tír eile atá ag óstáil imeacht um Nascadh Bailte.

Níl imeachtaí ar líne incháilithe.

Beidh ar thionscadail breisluach ar leith a léiriú sa chur síos ar na gníomhaíochtaí (e.g. nuálaíocht, dea-chleachtais).

Maidir le hiarratais a dhéantar arís agus arís eile ó bhliain amháin go bliain eile a chuireann an t-iarratasóir céanna isteach, ba cheart dóibh breisluach na gníomhaíochta nua/leanúint na gníomhaíochta a léiriú san iarratas.

Ba cheart a chur san áireamh sna tionscadail torthaí na dtionscadal a fuair tacaíocht faoi chlár mhaoinithe eile de chuid an Aontais. Ní mór cur síos a dhéanamh ar na gnéithe comhlántacha sna tograí tionscadail (cuid B den Fhoirm Iarratais).

Ní mór do thionscadail cloí le leasanna agus tosaíochtaí beartais an Aontais (*amhail beartas comhshaoil, sóisialta, slándála, tionsclaíoch agus trádála, etc.*).

Ní cheadaítear tacaíocht airgeadais a thabhairt do thríú páirtithe.

Suíomh geografach (spriocthíortha)

Ní mór do thograí baint a bheith acu le gníomhaíochtaí atá ar siúl sna tíortha incháilithe (*féach thuas*).

Fad ama

Ba cheart gur idir 6 mhí agus 12 mhí a mhairfidh na tionscadail de ghnáth.

Is féidir síneadh ama a chur leo ar bhonn leasú, ach údar cuí a thabhairt.

Buiséad an tionscadail (méid uasta an deontais)

Meastar go mbeidh buiséid tionscadail idir EUR 8 455 agus EUR 50 745 in aghaidh an tionscadail ann.

Eitic agus luachanna an Aontais Eorpaigh

Ní mór do thionscadail cloí leis na nithe seo a leanas:

- na caighdeáin eiticíúla is airde
- luachanna an Aontais bunaithe ar Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus ar Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus
- dlí an Aontais, dlí idirnáisiúnta agus dlí náisiúnta eile is infheidhme (lena n-áirítear an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí [2016/679](#)).

Ní mór do thionscadail iarracht a dhéanamh comhionannas inscne agus príomhshruthú an neamh-idirdhealaithe a chur chun cinn i gcomhréir leis [an tSraith Straitéisí um Príomhshruthú Inscne](#). Ba cheart go gcuideodh gníomhaíochtaí an tionscadail le cumhachtú comhionann na mban agus na bhfear ina n-éagsúlacht ar fad, lena n-áirítear go mbainfidh siad barr a gcumais amach agus go mbainfidh siad leas as na cearta céanna. Ba cheart go mbeadh iarracht á déanamh freisin na leibhéil idirdhealaithe a mbíonn ar ghrúpaí ar leith déileáil leo a laghdú (mar aon leo siúd atá i mbaol idirdhealú ar bhonn cúinsí éagsúla) agus torthaí comhionannais a fheabhsú do dhaoine aonair. Ba cheart breithnithe inscne agus neamh-idirdhealaithe a chomhtháthú sna tograí agus ba cheart díriú ar ionadaíocht atá cothrom ó thaobh inscne de i bhfoirne agus i ngníomhaíochtaí tionscadail. Tá sé tábhachtach freisin go ndéanfar sonraí aonair

arna mbailiú ag na tairbhíthe a mhiondealú de réir inscne ([sonraí atá neamh-imdhealaithe ó thaobh inscne de](#)), de réir míchumais nó de réir aoise nuair is féidir é.

Ní mór d'iarratasóirí a léiriú ina n-iarratas go n-urramaíonn siad prionsabail eiticiúla agus luachanna an Aontais atá bunaithe ar Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus ar Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Thairis sin, ní mór do rannpháirtithe a bhfuil gníomhaíochtaí a bhaineann le leanaí páirteach iontu beartas um chosaint leanaí a bheith acu a chlúdaíonn na ceithre réimse a ndéantar cur síos orthu sna [Caighdeáin Shábháilte Leanaí um Chosaint Leanaí](#). Ní mór go mbeadh an beartas seo a bheith ar fáil ar líne agus trédhearcach do gach duine a bhíonn i dteagmháil leis an eagraíocht. Ní mór faisnéis shoiléir a bheith ann faoi earcú comhaltaí foirne (lena n-áirítear oiliúnaithe agus oibrithe deonacha) agus ní mór seiceálacha cúla (grinnfhiosrúchán) a áireamh ann freisin. Ní mór nósanna imeachta soiléire agus rialacha don fhoireann a áireamh ann, lena n-áirítear rialacha maidir le tuairisciú agus oiliúint leanúnach.

Ní mór d'iarratasóirí a dhéanann ionadaíocht ar eintitis phoiblí agus ar ghníomhaíochtaí pleanála a bhaineann le leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois [dearbhu ar onóir](#) a chur ar fáil maidir le ceanglais cosanta leanaí a urramú ag céim GAP (féach freisin cuid 5).

7. Acmhainn airgeadais agus oibríochtúil agus eisiámh

Acmhainn airgeadais

Ní mór d'iarratasóirí **acmhainní cobhsaí, leordhóthanacha** a bheith acu chun na tionscadail a chur chun feidhme go rathúil agus chun a gcion féin a dhéanamh. Ní mór acmhainn leordhóthanach a bheith ag eagraíochtaí atá rannpháirteach i roinnt tionscadal chun na tionscadail sin go léir a chur chun feidhme.

Déanfar an tseiceáil ar an acmhainn airgeadais ar bhonn na ndoiciméad a iarrfar ort a uaslódáil chuig an [gClár Rannpháirtithe](#) le linn ullmhú an deontais (e.g. *cuntas brabúis agus caillteanais agus clár comhardaithe, plean gnó, tuarascáil iniúchóireachta arna hullmhú ag iniúchóir seachtrach formheasta, ina ndeimhnítear na cuntais don bhliain airgeadais deiridh a dúnadh, etc.*). Beidh an anailís bunaithe ar tháscairí airgeadais neodracha, ach cuirfear gnéithe eile san áireamh freisin, amhail spleáchas ar mhaoiniú ón Aontas Eorpach agus easnamh agus ioncam i rith na mblianta roimhe sin.

Déanfar an tseiceáil de ghnáth i ndáil leis na comhordaitheoirí uile, ach amháin i gcás:

- comhlachtaí poiblí (eintitis a bunaíodh mar chomhlacht poiblí faoin dlí náisiúnta, lena n-áirítear údarais áitiúla, réigiúnacha nó náisiúnta) nó eagraíochtaí idirnáisiúnta.
- más rud é nach bhfuil méid an deontais arna iarraidh níos mó ná EUR 60 000.

Más gá, féadfar an tseiceáil a dhéanamh i ndáil le heintitis chleamhnaithe freisin.

Má shílimid nach bhfuil d'acmhainn airgeadais sásúil, is féidir linn an méid seo a leanas a iarraidh:

- tuilleadh faisnéise.
- córas freagrachta airgeadais feabhsaithe, i.e. freagrachtaí comhpháirteacha agus leithleacha le haghaidh na dtairbhíthe uile nó dliteanas comhpháirteach agus leithleach eintiteas cleamhnaithe (*féach thíos, cuid 10*).
- réamh-mhaoiniú arna íoc ina thráthchodanna.

- ráthaíochtaí réamh-mhaoinithe (ceann amháin nó níos mó) (*féach thíos, cuid 10*).
- nó
- gan réamh-mhaoiniú a mholadh.
- a iarraidh go gcuirfear duine éigin i d'áit nó, más gá, diúltú don togra ina iomláine.

 Má theastaíonn tuilleadh faisnéise uait, *féach na [Rialacha maidir le Bailíochtú Eintiteas Dílíthanach, Ceapachán LEAR agus Measúnú ar Acmhainn Airgeadais](#)*.

Acmhainn oibríochtúil

Ní mór d'iaratasóirí **an fios gnó, na cáilíochtaí** agus **na hacmhainní** a bheith acu chun na tionscadail a chur chun feidhme go rathúil agus chun a gcion féin a dhéanamh (lena n-áirítear taithí leordhóthanach ar thionscadail de mhéid agus de chineál inchomparáide).

Déanfar an acmhainn sin a mheasúnú in éineacht leis an gcritéar dámhachtana 'Cáilíocht', ar bhonn inniúlacht agus thaithí na n-iaratasóirí agus a bhfoirne tionscadail, lena n-áirítear acmhainní oibríochtúla (acmhainní daonna, teicniúla agus eile) nó, go heisceachtúil, na bearta a mholtar chun an acmhainn sin a fháil faoin am a gcuirfear tús le cur chun feidhme an tasc.

Má dhéantar meastóireacht dhearfach ar an gcritéar dámhachtana, meastar go bhfuil acmhainn oibríochtúil leordhóthanach ag na hiarratasóirí.

Beidh ar iaratasóirí a n-acmhainn a léiriú tríd an bhfaisnéis seo a leanas a sholáthar:

- próifílí ginearálta (cáilíochtaí agus taithí) na gcomhaltaí foirne atá freagrach as an tionscadal a bhainistiú agus a chur chun feidhme.
- tuairisc ar rannpháirtithe an chuibhreannais.
- liosta na dtionscadal a bhí ann roimhe seo (príomhthionscadail le ceithre bliana anuas; *tá teimpléad ar fáil i gcuid B*).

Féadfar doiciméid tacaíochta bhreise a iarraidh, más gá, chun acmhainn oibríochtúil aon iartrasóra a dheimhniú.

Tá comhlachtaí poiblí, eagraíochtaí de chuid na mBallstát agus eagraíochtaí idirnáisiúnta díolmhaithe ón tseiceáil ar acmhainn oibríochtúil.

Eisiamh

I gcás iartrasóirí atá faoi réir **chinneadh ón Aontas maidir le heisiamh** nó i gceann de na **cásanna eisiamh** seo a leanas a chuireann bac orthu maoiniú a fháil ón Aontas Eorpach, NÍ féidir leo a bheith páirteach¹⁴:

- féimheacht, foirceannadh, gnóthaí arna riar ag na cúirteanna, comhshocrú le creidiúnaithe, gníomhaíochtaí gnó fionraithe nó nósanna imeachta eile dá samhail (lena n-áirítear nósanna imeachta do dhaoine a bhfuil dliteanas neamhtheoranta orthu i leith fhiacha an iartrasóra)
- sárú ar oibleagáidí slándála sóisialta nó oibleagáidí cánach (lena n-áirítear sárú arna dhéanamh ag daoine a bhfuil dliteanas neamhtheoranta orthu i leith fhiacha an iartrasóra)

¹⁴Féach Airteagail 138 agus 143 de Rialachán Airgeadais an Aontais Eorpaigh [2024/2509](#).

- a bheith ciontach as mí-iompar gairmiúil tromchúiseach¹⁵ (lena n-áirítear mí-iompar dá leithéid arna dhéanamh ag daoine a bhfuil cumhachtaí ionadaíochta, cinnteoireachta nó rialaithe acu, úinéirí tairbhiúla nó daoine atá bunriachtanach chun an deontas a dhámhachtain/a chur chun feidhme)
- calaois, éilliú, naisc le heagraíocht choiriúil, sciúradh airgid, coireanna a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht (lena n-áirítear maoiniú sceimhlitheoireachta), saothar leanaí nó gáinneáil ar dhaoine (lena n-áirítear gníomh arna dhéanamh ag daoine a bhfuil cumhachtaí ionadaíochta, cinnteoireachta nó rialaithe acu, úinéirí tairbhiúla nó daoine atá bunriachtanach chun an deontas a dhámhachtain/a chur chun feidhme)
- easnaimh mhóra maidir le príomhoibleagáidí a chomhlíonadh faoi chonradh soláthair, comhaontú deontais, duais, sainchonnradh de chuid an Aontais, nó a leithéid (lena n-áirítear easnamh i gcás daoine a bhfuil cumhachtaí ionadaíochta, cinnteoireachta nó rialaithe acu, úinéirí tairbhiúla nó daoine atá bunriachtanach chun an deontas a dhámhachtain/a chur chun feidhme)
- a bheith ciontach as neamhrialtachtaí de réir bhrí Airteagal 1(2) de Rialachán Uimh. [2988/95](#) (lena n-áirítear beart neamhrialta arna dhéanamh ag daoine a bhfuil cumhachtaí ionadaíochta, cinnteoireachta nó rialaithe acu, úinéirí tairbhiúla nó daoine atá bunriachtanach chun an deontas a dhámhachtain/a chur chun feidhme)
- bunú faoi dhlínse dhifriúil agus é ina aidhm leis sin dul timpeall ar oibleagáidí fioscacha, sóisialta nó dlíthiúla eile sa tír thionscnaimh nó eintiteas eile a bhunú chun na críche sin (lena n-áirítear bunú arna dhéanamh ag daoine a bhfuil cumhachtaí ionadaíochta, cinnteoireachta nó rialaithe acu, úinéirí tairbhiúla nó daoine atá bunriachtanach chun an deontas a dhámhachtain/a chur chun feidhme).
- nár chuir siad in aghaidh¹⁶, d'aon ghnó agus gan údar cuí, imscrúdú, seiceáil nó iniúchadh a rinne oifigeach údarúcháin de chuid an Aontais (nó a ionadaí nó a iniúcháir), OLAF, OIPE, nó Cúirt Iniúcháirí na hEorpa

Diúltófar d'iartrasóirí freisin sna cásanna seo a leanas¹⁷:

- gur thug siad bréagléiriú ar fhaisnéis a bhí ag teastáil mar choinníoll le páirt a ghlacadh nó gur theip orthu an fhaisnéis sin a sholáthar le linn an nós imeachta dámhachtana
- bhí baint acu roimhe seo le hullmhú an ghlaio, rud a fhágann go bhfuil saobhadh iomaíochta i gceist nach féidir a leigheas ar shlí eile (coinbhleacht leasa).

¹⁵Áirítear le 'mí-iompar gairmiúil', go háirithe, na nithe seo a leanas: sárú ar chaighdeán eiticíúla na gairme; iompar éagórach a bhfuil tionchar aige ar inchreidteacht ghairmiúil; sárú ar chaighdeán eiticíúla ghairmiúla a nglactar leo go ginearálta; dearbhuithe bréagacha/míléiriú bréagach faisnéise; rannpháirtíocht i gcairtéal nó i gcomhaontú eile a shaobhann iomaíocht; sárú ar chearta maoine intleachtúla; iarracht a dhéanamh tionchar a imirt ar phróisis chinnteoireachta trí leas a bhaint, trí mhífaisnéis, as coinbhleacht leasa, nó trí fhaisnéis rúnda a fháil ó údarais phoiblí chun buntáiste a fháil; gríosú chun idirdhealaithe, fuatha nó foréigin nó gníomhaíochtaí comhchosúla atá contrártha le luachanna AE i gcás ina bhfuil tionchar diúltach aige ar chomhlíonadh gealltanais dhlíthiúil nó i gcás ina bhfuil baol ann go ndéanfaidh sé difear don chomhlíonadh sin

¹⁶ Ciallaíonn 'diúltú d'imscrúdú, seiceáil nó iniúchadh' gníomhartha a dhéanamh a bhfuil sé mar sprioc nó mar éifeacht acu cosc, bac nó moill a chur ar sheoladh aon cheann de na gníomhaíochtaí is gá chun an t-imscrúdú, an tseiceáil nó an t-iniúchadh a dhéanamh, amhail diúltú an rochtain is gá ar a áitreabh nó ar aon réimsí eile a úsáidtear chun críocha gnó a dheonú, faisnéis a cheilt nó diúltú faisnéis a nochtadh nó faisnéis bhréagach a sholáthar.

¹⁷Féach Airteagal 143 de Rialachán Airgeadais an Aontais Eorpaigh [2024/2509](#)

8. Nós imeachta meastóireachta agus dámhachtana

Beidh ar na tograí cloí leis an **nós imeachta caighdeánach maidir le cur isteach agus meastóireacht** (céim amháin a bhaineann le cur isteach + céim amháin a bhaineann le meastóireacht)

Déanfaidh **coiste meastóireachta** (le cúnamh ó shaineolaithe seachtracha neamhspleácha) measúnú ar gach iarratas. Seiceálfar tograí ar dtús maidir le ceanglais fhoirmiúla (inghlacthacht agus incháilitheacht, *féach codanna 5 agus 6*). Déanfar tograí a mheastar atá inghlactha agus incháilithe a mheas i gcomparáid leis an acmhainn oibríochtúil agus leis na critéir dhámhachtana (*féach codanna 7 agus 9*) agus ansin rangófar iad de réir a scór.

I gcás tograí a bhfuil an scór céanna acu, cinnfear **ordú tosaíochta** de réir an chur chuige seo a leanas:

I ndiaidh a chéile i gcás gach grúpa tograí *ex aequo*, ag tosú leis an ngrúpa ag a bhfuil an scór is airde, agus ag leanúint ar aghaidh in ord íslitheach:

- 1) Tabharfar tús áite do na tograí *ex aequo* laistigh den topaic chéanna de réir na scór a bronnadh orthu don chritéir dhámhachtana 'Ábharthacht'. Nuair a bheidh na scóir sin comhionann, bunófar tosaíocht ar bhonn a scór ar an gcritéir 'Cáilíocht'. Nuair a bheidh na scóir sin comhionann, bunófar tosaíocht ar bhonn a scór ar an gcritéir 'Tionchar'.

Cuirfear gach togra ar an eolas faoi thoradh na meastóireachta (**litir thoradh na meastóireachta**). Iarrfar ar thograí rathúla a bheith páirteach san ullmhúchán i gcomhair deontais; áireofar na cinn eile ar an liosta ionadaithe nó diúltófar dóibh.

Ní thugtar aon ghealltanas maidir le maoiniú – NÍ hIONANN cuireadh chun deontas a ullmhú agus gealltanas foirmiúil maidir le maoiniú. Beidh orainn fós seiceálacha dlí éagsúla a dhéanamh roimh dhámhachtain deontais: *bailíochtú eintiteas dlíthiúil, acmhainn airgeadais, seiceáil eisiaimh, etc.*

Mar chuid den **ullmhúchán i gcomhair deontais**, beidh idirphlé ann chun mionchoigeartú a dhéanamh ar ghnéithe teicniúla nó airgeadais an tionscadail agus d'fhéadfadh sé nár mhór faisnéis bhreise a fháil uait. D'fhéadfadh sé go mbeadh coigeartuithe san áireamh freisin ar an togra chun aghaidh a thabhairt ar mholtaí ón gcoiste meastóireachta nó ar ábhair imní eile. Beidh comhlíonadh ina réamhchoinníoll chun an deontas a shíniú.

Má chreideann tú go raibh locht ar an nós imeachta meastóireachta, féadfaidh tú **gearán** a chur isteach (de réir na spriocdhátaí agus na nósanna imeachta arna sonrú i litir thoradh na meastóireachta). Tabhair do d'aire go meastar go bhfuarthas rochtain ar fhógraí nár osclaíodh laistigh de 10 lá tar éis iad a sheoladh agus go gcomhairfear spriocdhátaí ón uair oscailte/rochtana (*féach freisin [Tearmaí agus Coinníollacha na Tairisí Maoinithe & Tairiscintí](#)*). Tabhair do d'aire freisin, i gcás gearáin a chuirtear isteach go leictreonach, go bhféadfadh teorainneacha carachtair a bheith i gceist.

9. Critéir dhámhachtana

Is iad seo a leanas na **critéir dhámhachtana** don ghlao seo:

1. **Ábharthacht:** a mhéid atá an togra ag teacht le tosaíochtaí agus cuspóirí an ghlao; riachtanais atá sainithe go soiléir agus measúnú láidir ar riachtanais; spriocghrúpa atá sainithe go soiléir, agus peirspictíocht inscne á cur san áireamh go cuí; rannchuidiú le comhthéacs straitéiseach agus reachtach an Aontais; gné

Eorpach/thrasnáisiúnta; tionchar/leas do roinnt tíortha (tíortha AE nó tíortha incháilithe neamh-AE); an fhéidearthacht na torthaí a úsáid i dtíortha eile (poitéinseal chun dea-chleachtais a aistriú); an fhéidearthacht iontaoibh fhrithpháirteach/comhar trasteorann a fhorbairt, sineirgí a fhorbairt agus dúbailt a sheachaint le tionscadail arna maoiniú ag cláir eile de chuid an Aontais nó tionscadail roimhe seo (40 pointe)

- 2. Cáilíocht:** soiléireacht agus comhsheasmhacht an tionscadail; naisc loighciúla idir na fadhbanna sainaitheanta, na riachtanais agus na réitigh atá beartaithe (coincheap an chreata loighciúil); an mhodheolaíocht chun an tionscadal a chur chun feidhme agus gné na hinscne á cur san áireamh go hiomchuí (eagrú na hoibre, tráthchlár, leithdháileadh acmhainní agus dáileadh cúraimí idir comhpháirtithe, rioscaí & bainistíocht riosca, faireachán agus meastóireacht); tugtar aghaidh ar shaincheisteanna eiticiúla agus ar bhearta/beartais eiticiúla chun comhlíonadh luachanna an Aontais a ráthú; indéantacht an tionscadail laistigh den tréimhse ama atá beartaithe; (40 pointe)
- 3. Tionchar:**uaillmhian na dtorthaí agus an tionchar fadtéarmach a mheastar a bheidh acu ar spriocghrúpaí/ar an bpobal i gcoitinne; straitéis iomchuí scaipthe chun inbhuanaitheacht agus tionchar fadtéarmach a áirithiú; an fhéidearthacht go mbeadh éifeacht iolraitheora dhearfach ann; inbhuanaitheacht na dtorthaí tar éis dheireadh chistiú an Aontais (20 pointe)

Critéir dhámhachtana	Pas-scór íosta	Scór uasta
Ábharthacht	25	40
Cáilíocht	neamhbhainteach	40
Tionchar	neamhbhainteach	20
Scóir (pas) fhoriomlána	70	100

Líon uasta na bpointí: 100 pointe.

Tairseach aonair don chritéar 'Ábharthacht': 25/40 pointe.

Tairseach fhoriomlán: 70 pointe.

Déanfar tograí a sháraíonn an tairseach aonair don chritéar 'Ábharthacht' AGUS an tairseach fhoriomlán a mheas le haghaidh maoinithe – laistigh de theorainneacha an bhuiséid atá ar fáil (i.e., suas leis an uasteorainn bhuiséid). Diúltófar do thograí eile.

10. Leagan amach dlíthiúil agus airgeadais na gComhaontuithe Deontais

Má éiríonn leat sa mheastóireacht, tabharfar cuireadh do do thionscadal chuig an ullmhúchán i gcomhair an deontais, agus iarrfar ort an Comhaontú Deontais a ullmhú in éineacht le hOifigeach Tionscadal an Aontais.

Is leis an gComhaontú Deontais sin a leagfar síos an creat le haghaidh do dheontais agus na téarmaí agus coinníollacha a ghabhann leis, go háirithe maidir le táirgí insoláthartha, tuairisciú agus íocaíochtaí.

Is féidir teacht ar an tSamhail-Chomhaontú Deontais a úsáidfear (agus gach teimpléad agus doiciméad teorach ábhartha eile) ar [Thairseach na nDoiciméad Tagartha](#).

Dáta tosaigh agus fad an tionscadail

Sonrófar dáta tosaigh agus fad an tionscadail sa Chomhaontú Deontais (*Bileog Sonraí, pointe 1*). De ghnáth, beidh an dáta tosaigh tar éis shíniú an deontais agus ar a dhéanaí laistigh de 6 mhí tar éis shíniú an deontais. Is féidir dáta tosaigh cúlghabhálach a dheonú go heisceachtúil más ann do chúiseanna a bhfuil údar cuí leo – ach ní cheadófar a leithéid riamh roimh an dáta a chuirtear an togra isteach.

Sonrófar dáta tosaigh agus fad an tionscadail sa Chomhaontú Deontais (*Bileog Sonraí, pointe 1*). Ba cheart an dáta tosaigh a bheith tar éis shíniú an deontais (laistigh de shé mhí.). Is féidir dáta tosaigh cúlghabhálach a dheonú go heisceachtúil ar chúiseanna a bhfuil údar cuí leo ach ní fhéadfar é a dheonú níos luaithe ná dáta tíolactha an togra.

Fad an tionscadail: féach cuid 6

Garspriocanna agus táirgí insoláthartha

Ní mór gníomhaíochtaí a ghrúpáil i bpacáistí oibre ar fo-rannáin mhóra den tionscadal iad (e.g. Bainistíocht agus Comhordú Tionscadal, Cumarsáid agus Scaipeadh, etc.). Maidir le Nascadh Bailte, ní mór na gníomhaíochtaí tionscadail a eagrú mar aon phacáiste oibre amháin (PO).

Níor cheart costais chomhordúcháin agus bhainistíochta WP1 sin a bheith ní b'airde ná 10 % de chostas iomlán an togra.

Maidir leis an bpacáiste oibre seo, ní mór garspriocanna agus táirgí insoláthartha oibiachtúla agus liostaí de chúraimí/de ghníomhaíochtaí a shainiú. Ní mór na táirgí insoláthartha agus na garspriocanna a bheith inchainníochtaithe agus intomhaiste. Ba cheart go mbeadh a struchtúr loighciúil agus teoraithe ag aschuir inaitheanta le táscairí soiléire.

Déanfar na garspriocanna (nach bhfuil infheidhme maidir leis an nGlao um Nascadh Bailte) agus na táirgí insoláthartha le haghaidh gach tionscadail a bhainistiú trí Chóras Bainistíochta Deontais na Tairisí agus léireofar iad in Iarscríbhinn 1 den Chomhaontú Deontais.

Ba cheart go bhfreagródh an pacáiste oibre amháin sin d'imeacht amháin nó do roinnt imeachtaí ar an bhfoirm iarratais. Bain leas as pacáiste oibre aonair ar feadh ré iomlán na gníomhaíochta agus aon táirge insoláthartha amháin in aghaidh an imeachta.

San iomlán beidh pacáiste oibre amháin agus dhá tháirge insoláthartha nó níos mó agat de réir líon na n-imeachtaí. Ní mór na táirgí insoláthartha a chur isteach ag deireadh gach imeachta.

1 phacáiste oibre = 1 imeacht amháin nó níos mó = gníomhaíocht amháin nó roinnt gníomhaíochtaí

Ní mór an Bhileog um Chur Síos ar an Imeacht, ceann in aghaidh an imeachta (doiciméad éigeantach), a chur san áireamh i dtáirgí insoláthartha na bpacáistí oibre. Ní mór na Bileoga um Chur Síos ar an Imeacht a fhoilsiú ar leathanach gréasáin an bhardais/an chomhordaitheora maidir leis na tionscadail roghnaithe, agus d'fhéadfaí a áireamh leo freisin cláir oibre nó miontuairiscí cruinnithe, tuarascálacha meastóireachta agus/nó tuarascálacha rialaithe cáilíochta, sraith táscairí chun measúnú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus ar a dtionchar, tuarascálacha coincheapa/pleanála, bróisiúir, moltaí, agus doiciméid straitéiseacha eile ina bhfuil conclúidí na ngníomhaíochtaí. I gcás gach imeachta, ba cheart liosta tinrimh a bheith ar fáil ar a bhfuil síniú agus dáta, chomh maith le cruthúnas ar thaisteal agus cothú na rannpháirtithe idirnáisiúnta go léir, agus ba cheart do chomhordaitheoir an tionscadail é a choinneáil le haghaidh aon

seiceálacha agus iniúchtaí a dhéanfaidh seirbhísí an Aontais mar a shonraítear in airteagal 25 den chomhaontú deontais.

Is éard is imeacht ann gníomhaíocht amháin nó sraith gníomhaíochtaí, nach gá iad a dhéanamh ar an lá céanna, arb é is aidhm léi daoine a bhailiú a bhfuil rannpháirtíocht dhíreach, infhíoraithe acu sa spriocghrúpa nó sna spriocghrúpaí, chun téama réamhshainithe a phlé. Bíonn sé ina chuspóir le himeacht aschur cinnte a bhaint amach mar a shainmhínítear sa phacáiste oibre tagartha. Chun bheith incháilithe i gcomhair maoiniú, ní mór do líon iomlán na rannpháirtithe díreacha atá páirteach san imeacht cloí leis na ceanglais íosta ar rannpháirtithe/tíortha a leagtar síos sa chinneadh cnapshuime.

Ní cheadaítear maoiniú dúbailte. Dá bhrí sin, ní féidir rannpháirtithe díreacha a áireamh ach aon uair amháin don imeacht iomlán faoin bpacáiste oibre céanna, fiú má ghlacann siad páirt i roinnt gníomhaíochtaí/tionscadal.

An cineál deontais, an ráta maoinithe agus méid uasta an deontais

Socrófar paraiméadair an deontais (*méid uasta an deontais, ráta maoinithe, costais incháilithe iomlána, etc.*) sa Chomhaontú Deontais (*Bileog Sonraí, pointe 3 agus airteagal 5*).

Buiséad an tionscadail (méid uasta an deontais): féach cuid 6 thuas.

Deontas cnapshuime a bheidh sa deontas. Ciallaíonn sé sin go n-aisíocfar suim sheasta, bunaithe ar chnapshuim nó ar mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais. Socróidh an t-údarás deonaithe an méid ar bhonn na méideanna athraitheacha a chuir sé roimhe, agus ar bhonn na meastachán arna léiriú ag na tairbhíthe ina mbuiséad tionscadail.

Catagóirí buiséid agus rialacha maidir le hincháilitheacht costas

Tá na catagóirí buiséid agus na rialacha maidir le hincháilitheacht costas leagtha síos sa Chomhaontú Deontais (*Bileog Sonraí, pointe 3, airteagal 6 agus Iarscríbhinn 2*).

Catagóirí buiséid don ghla seo:

- Ranníocaíochtaí cnapshuime¹⁸

Rialacha sonracha incháilitheachta costais don ghla seo:

- ní mór méid na cnapshuime a ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht atá leagtha amach sa chinneadh cnapshuime agus úsáid á baint as an tábla buiséid mionsonraithe/áireamhán a sholáthraítear
- ba cheart do ríomh na cnapshuime cloí leis na coinníollacha seo a leanas: líon na rannpháirtithe idirnáisiúnta ar tugadh cuireadh dóibh (líon na rannpháirtithe ó chomhpháirtithe comhlachaithe atá ag taisteal ó thíortha eile atá ag óstáil imeacht um Nascadh Bailte).

Socrúithe tuairiscithe agus íocaíochta

Tá na socruithe tuairiscithe agus íocaíochta socraithe sa Chomhaontú Deontais (*Bileog Sonraí, pointe 4 agus airt. 21 agus airt. 22*).

¹⁸ Cinneadh an 26 Márta 2021 lena n-údaráítear cnapshuimeanna a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí faoin gClár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (2021-2027).

I ndiaidh an deontas a shíniú, ní bhfaighidh tú aon réamh-mhaoiniú.

Íoc an iarmhéid: Ag deireadh an tionscadail, déanfaimid méid do dheontais deiridh a ríomh. Má tá iomlán aon íocaíochtaí a rinneadh roimhe sin níos airde ná méid an deontais deiridh, iarrfaimid ort (do chomhordaitheoir) an difríocht a aisíoc (aisghabháil).

Is leis an gcomhordaitheoir a dhéanfar gach íocaíocht.

 Tabhair do d'aire le do thoil go ndéanfar íocaíochtaí a íslíú go huathoibríoch má bhíonn fiacha gan íoc leis an Aontas Eorpach s (údarás deontais nó comhlachtaí eile de chuid an Aontais) ag duine de bhaill do chuibhreannais. Déanfaimid fiacha den sórt sin a chúiteamh de réir na gcoinníollacha atá leagtha amach sa Chomhaontú Deontais (*féach airteagal 22*).

Tabhair faoi deara freisin go bhfuil tú freagrach as taifid a choinneáil maidir leis an obair ar fad a dhéantar.

Ráthaíochtaí réamh-mhaoinithe

Má tá ráthaíocht réamh-mhaoinithe de dhíth, sonrófar an ráthaíocht sa Chomhaontú Deontais (Bileog Sonraí, pointe 4). Socrófar an méid le linn ullmhú an deontais, agus de ghnáth beidh sé cothrom le nó níos ísle ná an réamh-mhaoiniú le haghaidh do dheontais.

Ba cheart an ráthaíocht a bheith in euro agus ba cheart gur banc/institiúid airgeadais fhormheasta atá bunaithe i mBallstát de chuid an Aontais a eiseoidh í. Má tá tú bunaithe i dtír nach tír den Aontas Eorpach í agus más mian leat ráthaíocht a thabhairt ó bhanc/institiúid airgeadais i do thír féin, déan teagmháil linn (is féidir glacadh leis sin ar bhonn eisceachtúil, má sholáthraíonn sé slándáil choibhéiseach).

Ní ghlacfar le suimeanna atá blocáilte i gcuntais bhainc mar ráthaíochtaí airgeadais.

Is gnách go n-iarrtar ráthaíochtaí réamh-mhaoinithe ar an gcomhordaitheoir, ar son an chuibhreannais. Ní mór iad a sholáthar le linn ullmhúchán an deontais, in am chun an réamh-mhaoiniú a dhéanamh (cóip scanta tríd an Tairseach AGUS an bhunchóip tríd an bpost).

Má chomhaontaítear sin linn, féadfar ráthaíocht ó thríú páirtí a chur in ionad na ráthaíochta bainc.

Scaoilfear an ráthaíocht ag deireadh an deontais, i gcomhréir leis na coinníollacha a shonraítear sa Chomhaontú Deontais (airteagal 23).

Deimhnithe

Ag brath ar an gcineál gníomhaíochta, méid an deontais agus an cineál tairbhíthe, d'fhéadfadh sé go n-iarrfar ort deimhnithe difriúla a chur isteach. Socraítear cineálacha, sceidil agus tairseacha gach deimhnithe sa chomhaontú deontais (*Bileog Sonraí, pointe 4 agus airteagal 24*).

Córas dliteanais i gcomhair aisghabhálacha

Socrófar an córas dliteanais le haghaidh aisghabhálacha sa Chomhaontú Deontais (*Bileog Sonraí, pointe 4.4 agus airteagal 22*).

I gcás tairbhíthe, beidh ceann amháin acu seo a leanas i gceist:

- dliteanas teoranta comhpháirteach agus leithleach le huasteorainneacha aonair – *gach tairbhí* suas le méid uasta an deontais
- dliteanas comhpháirteach agus leithleach neamhchoinníollach – *gach tairbhí*

suas le méid uasta an deontais le haghaidh na gníomhaíochta
nó

- freagracht airgeadais aonair – *gach tairbhí as a bhfiacha féin, agus as na fiacha sin amháin.*

Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go n-éileodh an t-údarás deonúcháin dliteanas comhpháirteach agus leithleach na n-eintiteas cleamhnaithe (lena dtairbhí).

Forálacha maidir le cur chun feidhme an tionscadail

Rialacha CMI: *féach an tSamhail-Chomhaontú Deontais (airteagal 16 agus Iarscríbhinn 5):*

- cearta úsáide maidir le torthaí: Tá

Cumarsáid, scaipeadh agus infheictheacht an mhaoinithe: *féach an tSamhail-Chomhaontú Deontais (airteagal 17 agus Iarscríbhinn 5):*

- gníomhaíochtaí breise cumarsáide agus scaipthe: Tá

Sainiúlachtaí eile

neamhbhainteach

Neamhchomhlíonadh agus sárú conartha

Déantar foráil sa Chomhaontú Deontais (caibidil 5) maidir leis na bearta is féidir linn a dhéanamh i gcás sárú conartha (agus saincheisteanna eile maidir le neamhchomhlíonadh).

 Má theastaíonn tuilleadh faisnéise uait, *féach [AGA – Comhaontú Deontais Anótáilte](#).*

11. Conas iarratas a chur isteach

Ní mór gach togra a chur isteach go díreach ar líne trí Chóras Leictreonach um Chur Isteach na Tairisí Maoinithe & Tairiscintí. NÍ ghlactar le hiarratais pháipéir.

Is **próiseas 2 chéim** atá i gceist le hiarratas a chur isteach:

a) cruthaigh cuntas úsáideora agus cláraigh d'eagraíocht

Chun an Córas um Chur Isteach a úsáid (an t-aon bhealach amháin le hiarratas a dhéanamh), ní mór do gach rannpháirtí [cuntas úsáideora EULogin a chruthú](#).

Nuair a bheidh cuntas EULogin agat, is féidir leat [d'eagraíocht a chlárú](#) sa Chlár Rannpháirtithe. Nuair a bheidh do chlárú curtha i gcrích agat, gheobhaidh tú cód aitheantais rannpháirtí ina mbeidh 9 ndigit.

b) an togra a chur isteach

Téigh chuig an gCóras Leictreonach um Chur Isteach tríd an leathanach Topaice sa chuid [Cuardaigh Maoiniú & Tairiscintí](#) (nó, i gcás glaonna a sheoltar trí chuireadh chun togra a chur isteach, tríd an nasc a chuirtear ar fáil sa litir chuiridh).

Cuir isteach do thogra ina cheithre chuid, mar seo a leanas:

- Áirítear i gcuid A faisnéis riaracháin faoi na heagraíochtaí is iarratasóirí (comhordaitheoir, tairbhíthe, eintitis chleamhnaithe agus comhpháirtithe comhlachaithe¹⁹ sa todhchaí) agus an buiséad achoimrithe don togra. Lión isteach go díreach ar líne é
- I gcuid B (tuairisc ar an ngníomhaíocht), cumhdaítear ábhar teicniúil an togra. Íoslódáil an teimpléad éigeantach Word ón gCóras um Chur Isteach, líon isteach é agus uaslódáil mar chomhad PDF é
- Cuid C ina bhfuil sonraí breise faoin tionscadal. Le líonadh isteach go díreach ar líne.
- **Uirlis KPI** ina bhfuil sonraí breise faoin tionscadal. Le líonadh isteach go díreach ar líne; ní mór gach mír a chomhlánú
- Iarscríbhinní (*féach cuid 5*). Uaslódáil iad mar chomhad PDF (comhad amháin nó roinnt comhad ag brath ar na slíotáin). Uaireanta is féidir comhad Excel a uaslódáil, ag brath ar an gcineál comhaid.

Ní mór don togra cloí le **líon uasta na leathanach** (*féach cuid 5*); ní thabharfar aird ar leathanaigh bhreise.

Ní mór doiciméid a uaslódáil chuig an **gcatagóir cheart** sa Chóras um Chur Isteach nó d'fhéadfaí a mheas go bhfuil an togra neamhiomlán agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé neamh-inghlactha.

Ní mór an togra a chur isteach roimh an **spriocdháta don ghlaio** (*féach cuid 4*). Tar éis an spriocdháta sin, dúnfar an córas agus ní fhéadfar tograí a chur isteach a thuilleadh.

A luaithe a bheidh an togra curtha isteach, gheobhaidh tú **ríomhphost deimhnithe** (ina mbeidh dáta agus am déanta d'iarratais). Mura bhfaigheann tú an ríomhphost deimhnithe sin, ciallaíonn sé NACH bhfuil do thogra curtha isteach. Má chreideann tú gur locht sa Chóras um Chur Isteach is cúis leis sin, ba cheart duit gearán a dhéanamh láithreach trí [fhoirm ghréasáin na Deisce Cabhrach TF](#), ina mínítear na cúinsí agus ina gceanglaítear cóip den togra (agus, más féidir, gabhálacha scáileáin chun an méid a tharla a léiriú).

Tá cur síos ar shonraí maidir le próisis agus nósanna imeachta le fáil sa [Lámhleabhar ar Líne](#). Tá naisc le fáil freisin sa Lámhleabhar ar Líne chuig Ceistanna Coitianta agus chuig treoracha mionsonraithe maidir le Córas Leictreonach Malartaithe na Tairsí.

Úsáid na hintleachta saorga (AI) i dtograí

Agus úsáid na n-uirlisí giniúna intleachta saorga (AI) á mbreithniú chun an togra a ullmhú, ní mór a bheith cúramach agus machnamh faichilleach a dhéanamh. Ba cheart do na harratasóirí an t-ábhar a ghintear in AI a athbhreithniú agus a bhailíochtú go críochnúil chun a oiriúnacht agus a chruinneas a áirithiú, chomh maith lena chomhlíonadh rialachán maoinne intleachtúla. Tá iarratasóirí go hiomlán freagrach as ábhar an togra (fiú na codanna sin a tháirgtear leis an uirlis AI) agus ní mór dóibh a

¹⁹ **Féach** cuid 13 chun tuilleadh eolais a fháil maidir le ról cuibhreannais agus ról an chomhordaitheora, na n-eintiteas cleamhnaithe agus na gcomhpháirtithe comhlachaithe.

bheith trédhearcach agus iad ag nochtadh cad iad na huirlisí AI a úsáideadh agus conas a úsáideadh iad.

Go sonrach, ceanglaítear ar iarratasóirí:

- Cruinneas, bailíocht agus oiriúnacht an ábhair agus aon lua a ghineann an uirlis AI a fhíorú agus aon earráidí nó neamhréireachtaí a cheartú.
- Liosta foinsí a sholáthar a úsáidtear chun ábhar agus luanna a ghiniúint, lena n-áirítear iad siúd a ghineann an uirlis AI. Seiceáil faoi dhó a dhéanamh ar luanna lena áirithiú go bhfuil siad cruinn agus go ndéantar tagairt cheart dóibh.
- A bheith ar an eolas go bhféadfadh bradaíl a bheith ann nuair a d'fhéadfadh an uirlis AI téacs substaintiúil a atáirgeadh ó fhoinsí eile. Seiceáil a dhéanamh ar na bunfhoinsí le bheith cinnte nach bhfuil bradaíl á déanamh agat ar obair dhuine eile.
- Aitheantas a thabhairt do na teorainneacha atá leis an uirlis AI san ullmhúchán don togra, lena n-áirítear an fhéidearthacht go mbeadh laofacht, earráidí agus bearnaí san eolas ann.

12. Cabhair

A mhéid is féidir, **déan iarracht na freagraí a theastaíonn uait féin a aimsiú**, sna doiciméid seo agus sna doiciméid eile (tá acmhainní teoranta againn chun fiosrúcháin dhíreacha a láimhseáil):

- [Lámhleabhar Ar Líne](#)
- Ceisteanna agus Freagraí Topaice ar an leathanach Topaice (maidir le ceisteanna a bhaineann go sonrach le glaonna i nglanna oscailte; neamhbhainteach maidir le gníomhaíochtaí trí chuireadh)
- [Tairseach Ceisteanna Coitianta](#) (le haghaidh ceisteanna ginearálta).

Féach freisin ar na leathanaigh Glaonna agus Ábhair go rialta, ós rud é go n-úsáidfimid iad chun nuashonruithe glaonna a fhoilsiú. (Le haghaidh cuirí, rachaimid i dteagmháil leat go díreach i gcás nuashonrú ar an nglao), lena n-áirítear cuireadh chuig an seisiún eolais d'iarratasóirí (más ann dó) tar éis oscailt an Ghla.

Teagmháil

Má tá ceisteanna aonair agat maidir leis an gCóras Tairsí um Chur Isteach, déan teagmháil leis an [Deasc Chabhrach TF](#).

Ba cheart ceisteanna nach mbaineann le TF a chur chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas: EACEA-CERV@ec.europa.eu.

Luaigh go soiléir an tagairt don ghla agus don topaic lena mbaineann do cheist (*féach an leathanach clúdaigh*).

13. Tábhachtach



TÁBHACHTACH

- **Ná fan go dtí an nóiméad deireanach** – Comhlánaigh d'iarratas roimh an spriocdháta chun **fadhbanna teicniúla** ag an nóiméad deireanach a sheachaint. Is ar do phriacal féin atá fadhbanna a bhaineann le hiarratais a chur isteach ag an nóiméad deireanach (e.g. *brú ar an suíomh, etc.*). NÍ féidir síneadh ama a chur le spriocdhátaí glaonna.
- **Féach** ar leathanaigh Tairsí an Ghla agus na Topaice go rialta. Bainimid úsáid astu chun nuashonruithe agus faisnéis bhreise faoin nglao a fhoilsiú (nuashonruithe faoin glao agus topaicí).
- **Córas Leictreonach Malartaithe na Tairsí um Maoiniú & Tairiscintí** – Trí iarratas a chur isteach **toilíonn** gach rannpháirtí an córas leictreonach malartaithe a úsáid i gcomhréir le [Tearmaí & Coinníollacha na Tairsí](#).
- **Clárú** – Roimh iarratas a chur isteach, ní mór go mbeadh gach tairbhí, gach eintiteas cleamhnaithe agus gach comhpháirtí comhlachaithe cláraithe i [gClár na Rannpháirtithe](#). Tá an cód aitheantais rannpháirtí (cód amháin do gach rannpháirtí) éigeantach don Fhoirm Iarratais.
- **Róil chuibhreannais** – Nuair a bhíonn do chuibhreannas á bhunú agat, ba cheart duit smaoinemh ar eagraíochtaí a d'fhéadfadh cabhrú leat cuspóirí a chomhlíonadh agus fadhbanna a réiteach.

Ba cheart na róil a shannadh de réir an leibhéil rannpháirtíochta sa tionscadal. Ba cheart do na príomh-rannpháirtithe a bheith rannpháirteach mar **tairbhíthe** nó mar **eintitis chleamhnaithe**; is féidir le heintitis eile a bheith rannpháirteach mar chomhpháirtithe comhlachaithe, fochonraitheoirí agus tríú páirtithe a thugann ranníocaíochtaí comhchineáil. Ba cheart do **chomhpháirtithe comhlachaithe** agus tríú páirtithe a thugann ranníocaíochtaí comhchineáil a gcostais féin a iompar (ní ghlacfar leo mar fhaighteoirí foirmiúla maoinithe ón Aontas).

Comhordaitheoir — I ndáil le deontais do roinnt tairbhíthe, glacann na tairbhíthe páirt mar chuibhreannas (grúpa tairbhíthe). Beidh orthu comhordaitheoir a roghnú a bheidh i bhfeighil bhainistiú agus chomhordú an tionscadail agus a dhéanfaidh ionadaíocht thar ceann an chuibhreannais i leith an údarais deonúcháin. I gcás deontas a bhfuil aon tairbhí amháin i gceist leo, is é an tairbhí aonair a bheidh ina chomhordaitheoir go huathoibríoch.

- **Eintitis chleamhnaithe** – Féadfaidh iarratasóirí a bheith rannpháirteach le heintitis chleamhnaithe (i.e. eintitis atá nasctha le tairbhe atá rannpháirteach sa ghníomhaíocht agus a bhfuil cearta agus oibleagáidí acu atá cosúil leo siúd atá ag na tairbhíthe, ach nach síníonn an deontas agus, dá bhrí sin, nach tairbhíthe iad féin). Gheobhaidh siad cuid den airgead deontais agus, dá bhrí sin, ní mór dóibh cloí le coinníollacha uile an ghla agus ní mór iad a bhailíochtú (cosúil leis na tairbhíthe); ach ní áirítear iad sna critéir íosta incháilitheachta a bhaineann le comhdhéanamh cuibhreannais (más ann dóibh). Má ghlacann eintitis chleamhnaithe páirt i do thionscadal, ná déan dearmad doiciméid a sholáthar lena léirítear a nasc cleamhnaithe le d'eagraíocht mar chuid de d'iarratas.
- **Comhpháirtithe comhlachaithe** – Féadfaidh iarratasóirí páirt a ghlacadh i dteannta le comhpháirtithe comhlachaithe (i.e. eagraíochtaí comhpháirtíochta atá rannpháirteach sa ghníomhaíocht ach nach bhfuil an ceart acu airgead deontais a fháil). Glacann siad páirt ann gan mhaoiniú agus, dá bhrí sin, ní gá iad a bhailíochtú.
- **Comhaontú cuibhreannais** – Ar chúiseanna praiticiúla agus dlíthiúla, moltar socruithe inmheánacha a bhunú a chuirfidh ar do chumas déileáil le cúinsí eisceachtúla nó cúinsí nach raibh súil leo (i ngach cás, fiú mura bhfuil siad éigeantach faoin gComhaontú Deontais). Ina theannta sin, is deis é an comhaontú cuibhreannais chun an t-airgead deontais a athdháileadh de réir phrionsabail agus paraiméadair inmheánacha do chuibhreannais féin (is féidir le tairbhí amháin a airgead deontais a

athshannadh do thairbhí eile, mar shampla). Dá réir sin, is féidir leat leas a bhaint as an gcomhaontú cuibhreannais chun an deontas ón Aontas Eorpach a chur in oiriúint do na riachtanais atá ag do chuibhreannas féin, agus is féidir leis tú a chosaint i gcás díospóidí freisin.

- **Buiséad comhardaithe tionscadail** – In iarratais ar dheontas, ní mór a áirithiú go mbeidh buiséad tionscadail comhardaithe agus dóthain acmhainní eile ann chun an tionscadal a chur chun feidhme go rathúil (e.g. *ranníocaíochtaí dílse, ioncam arna ghiniúint ag an ngníomhaíocht, ranníocaíochtaí airgeadais ó thríú páirtithe, etc.*). D'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ort do chostais mheasta a ísliú, má tá siad neamh-incháilithe (an iomarca san áireamh).
- **Tionscadail chríochnaithe/leanúnacha** – Diúltófar do thograí le haghaidh tionscadal atá curtha i gcrích cheana féin; déanfar measúnú ar thograí do thionscadail a bhfuil tús curtha leo cheana féin de réir an cháis (sa chás seo, ní féidir aon chostais a aisíoc le haghaidh gníomhaíochtaí a rinneadh roimh dháta tosaigh an tionscadail/cur isteach an togra).
- **Riail an neamhbhrabúis** – NÍ fhéadfaidh deontais brabús a dhéanamh (i.e. barrachas ioncaim + deontas AE roinnte ar chostais). Seiceálfaimid é sin ag deireadh an tionscadail.
- **Ní cheadaítear maoiniú a charnadh/ní cheadaítear maoiniú dúbailte** – Tá dianchosc ar mhaoiniú a charnadh ó bhuiséad an Aontais (seachas faoi 'Gníomhaíochtaí Sineirgí AE'). Seachas i gcás na nGníomhaíochtaí Sineirgí sin, ní fhéadfaidh aon ghníomhaíocht ar leith ach deontas AMHÁIN a fháil ó bhuiséad an Aontais agus NÍ fhéadfar, in AON chúinsí, ítimí costais a dhearbhu faoi dhá dheontas ón Aontas. Más mian leat, mar sin féin, leas a bhaint as deiseanna maoinithe éagsúla ón Aontas, ní mór tionscadail a dhearadh mar ghníomhaíochtaí éagsúla, iad a bheith leagtha amach go soiléir agus deighilt a bheith eatarthu i leith gach deontais (gan forluí).
- **Comhcheangal le deontais oibriúcháin AE** – Cheadaítear comhcheangal le deontais oibriúcháin AE más féidir, má fhanann an tionscadal lasmuigh de chlár oibre an deontais oibriúcháin agus má áirithíonn tú go bhfuil ítimí costais deighilte go soiléir i do chuntasaíocht agus NACH ndearbhaítear faoi dhó iad (*féach ar [AGA – Samhail-Chomhaontú Deontais Anótáilte, airt. 6.2.E](#)*).
- **Tograí iolracha** – Is féidir le hiarratasóirí níos mó ná togra amháin a chur isteach le haghaidh tionscadal *difriúil* faoin nglao céanna (agus maoiniú a dhámhachtain lena n-aghaidh).

Féadfaidh eagraíochtaí páirt a ghlacadh i roinnt tograí.

ACH: má tá roinnt tograí ann le haghaidh tionscadal *an-chosúil*, ní ghlacfar ach le hiarratas amháin agus ní dhéanfar ach iarratas amháin a mheas; iarrfar ar na hiarratasóirí ceann díobh a tharraingt siar (nó diúltófar dó).

- **Cur isteach an athuair** – Féadfar tograí a athrú agus a chur isteach an athuair suas go dtí an spriocdháta lena gcur isteach.
- **Diúltú** – Trí iarratas a chur isteach, glacann gach iarratasóir le coinníollacha an ghlaio a leagtar amach sa Doiciméad Glao seo (agus sna doiciméid dá dtagraíonn sé). **Diúltófar** do thograí nach gcomhlíonann coinníollacha uile an ghlaio. Baineann sé seo le hiarratasóirí freisin: Ní mór do gach iarratasóir na critéir a chomhlíonadh; mura gcomhlíonann iarratasóir amháin na critéir, ní mór iarratasóir eile a chur ina n-áit nó diúltófar don togra ina iomláine.
- **Cealú** – D'fhéadfadh sé go mbeadh imthosca ann a mbeadh sé riachtanach an glao a chealú dá mbarr. Sa chás sin, cuirfear ar an eolas thú trí nuashonrú ar an nglao nó ar an topaic. Tabhair do d'aire nach bhfuil teidlíocht i gcomhair cúitimh i gceist i gcás cealú.
- **Teanga** – Is féidir leat do thogra a chur isteach in aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais (ba cheart an achoimre ar an tionscadal a bheith i mBéarla i gcónaí). Ar mhaithe le héifeachtúlacht, molaimid go láidir duit Béarla a úsáid san iarratas iomlán.

Má theastaíonn doiciméid an ghla uait i dteanga oifigiúil eile de chuid an Aontais Eorpaigh, iarrtar ort iarratas a chur isteach laistigh de 10 lá tar éis fhoilsiú an ghla (tá na sonraí teagmhála le fáil i *gcuid 12*).

- **Trédhearcacht** – I gcomhréir le hAirteagal 38 de [Rialachán Airgeadais an Aontais Eorpaigh](#), foilsítear faisnéis gach bliain maidir le deontais ón Aontas arna ndámhachtain ar [shuíomh gréasáin Europa](#).

Áirítear leis sin:

- ainmneacha na dtairbhíthe
- seoltaí na dtairbhíthe
- an cuspóir a bhí leis an deontas a dhámhachtain
- an t-uasmhéid a bronnadh

Ar bhonn eisceachtúil, is féidir an foilseachán a tharscaoileadh (bunaithe ar iarraidh réasúnaithe a bhfuil údar cuí léi), má tá baol ann go gcuirfí do chearta agus do shaoirsí faoi Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh i mbaol nó go bhféadfaí dochar a dhéanamh do do leasanna tráchtála dá nochtfaí é.

- **Cosaint sonraí** – Má chuirtear togra isteach faoin nglao seo, déantar sonraí pearsanta a bhailiú, a úsáid agus a phróiseáil. Próiseálfar na sonraí sin i gcomhréir leis an gcreat dlí is infheidhme. Ní phróiseálfar na sonraí ach chun críche do thogra a mheas, do dheontas a bhainistiú ina dhiaidh sin agus, más gá, chun faireachán, meastóireacht agus cumarsáid a bhaineann leis an gclár a dhéanamh. Mínítear na sonraí i [Ráiteas Príobháideachais na Tairisí Maoinithe & Tairiscintí](#).